Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/3226

2.7.2026

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

# Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa

*(COM(2025) 838 final — 2025/0358 (COD))*

(C/2026/3226)

Rapóirtéir: **Philip VON BROCKDORFF**

| | |
|---|---|
| Nós imeachta reachtach | EU Law Tracker |
| Comhairliúchán | Parlaimint na hEorpa, 5.12.2025 |
| | Comhairle an Aontais Eorpaigh, 19.1.2026 |
| Bunús dlí | Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| Doiciméad an Choimisiúin Eorpaigh | COM(2025) 838 final — 2025/0358 (COD) |
| Na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) lena mbaineann | SFI°9 |
| An rannóg atá freagrach | An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas |
| Dáta a glactha sa rannóg | 11.2.2026 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 18.3.2026 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 604 |
| Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh) | 190/2/3 |

## 1. MOLTAÍ

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1.1. Cuireann CESE chun suntais gur gá a áirithiú go bhfreastalóidh an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa ar na riachtanais atá ag lucht an ghnó i ndáiríre, agus nach simpliú amháin a bheidh i gceist léi.

1.2. Tá sé ag iarraidh go mbeadh struchtúir meaitseála céannachta agus sainordaithe níos comhchuibhithe ann agus go ndéanfaí idirdhealú soiléir idir tiachóg na céannachta digití agus tiachóg an ghnó, sin agus go saineofaí na róil a bheidh acu mar aon lena raon feidhme rialála agus a n-idirghníomhaíocht le reachtaíocht na hearnála.

1.3. Cuireann CESE chun suntais a thábhachtaí atá sé an tslándáil agus an chuntasacht a áirithiú chomh maith leis an gcumarsáid shoiléir agus an iontaofacht.

1.4. Tá sé ag iarraidh a chinntiú go mbeadh an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa inoibritheach ar bhonn idirnáisiúnta.

1.5. Cuireann sé i bhfios gur gá a áirithiú go ndéanfar oibrithe a bhfuil sé de chúram orthu Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhainistiú a chosaint mar is ceart.

1.6. Ba cheart do na Ballstáit, dar leis, dreasachtaí a chur ar fáil do FBManna agus do mhicrifhiontair d'fhonn iad a mhealladh leis an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa a ghlacadh.

1.7. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé cruinneas dlíthiúil na n-aistriúchán ar ainmníochtaí a áirithiú, ar aistriúcháin iad ina ndéantar cur síos ar an gcineál struchtúir chorparáidigh nó comhlachais chorparáidigh i gceist, ar an ábhar go bhféadfadh foirm an-sonrach a bheith orthu ar an leibhéal náisiúnta.

## 2. **NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN**

*Argóintí a thacaíonn le moladh 1.1*

2.1. Toisc nach raibh cur chuige comhchuibhithe á chur i bhfeidhm ina leith san Aontas, is amhlaidh a chuir sin srian le héifeachtacht an Mhargaidh Aonair Dhigitigh. Dá thoradh sin, cuireadh in aghaidh an uathoibrithe, baineadh an bonn den mhuinín as malartuithe trasteorann agus cuireadh moill ar idirbhearta gnólacht le rialtas agus gnólacht le gnólacht araon. Ní hamháin go gcuireann an fhadhb seo isteach ar thuairisciú rialála ach cuireann sí isteach freisin ar ionduchtú soláthróirí, ar an dícheall cuí agus ar phróisis cheadúnúcháin, réimsí ina bhfuil idirghníomhaíocht dhigiteach atá éifeachtúil, iontaofa agus a aithnítear go dlíthiúil ag éirí níos riachtanaí i gcúrsaí gnó.

2.2. Leis an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa atá beartaithe, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí réiteach céannachta idir-inoibritheach a aithnítear go dlíthiúil agus atá saincheaptha d'oibreoirí eacnamaíocha a thabhairt isteach. Chuirfí feabhas freisin ar shlándáil dhlíthiúil na n-idirbheart agus ar sholáthar na seirbhísí intleachtúla nó tráchtála. Mar sin féin, ionas go mbeidh éifeacht cheart leis an Tiachóg, ní mór di saincheisteanna a réiteach ar an leibhéal dlíthiúil agus ar an leibhéal teicniúil araon agus ní mór í a chur chun feidhme ar bhealach a chinnteoidh glacadh uilíoch agus soiléireacht dhlíthiúil i ngach ceann de na Ballstáit. B'fhéidir go mb'áis don Aontas agus an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa á rolladh amach aige súil a choimeád ar an bhfadtéarma trí na réitigh a theastaíonn le haghaidh socruithe gnólacht le rialtas agus gnólacht le gnólacht a ullmhú ó thaobh na teicniúlachta de, agus na réamhchoinníollacha maidir le hidir-inoibritheacht á gcur san áireamh san am céanna gan an príobháideachas a chur i mbaol. Cuidiú a bheadh ann freisin le laghdú a chur ar na costais a bhaineann le hoiriúnuithe agus uasghráduithe ab fhéidir a bheith ann feasta, i gcomórtas le hathruithe struchtúracha ar an gcóras a thabhairt isteach lá is sia anonn.

2.3. Tugann CESE dá aire gur dhá ghné mhórthábhachtacha de straitéis dhigiteach an Aontais iad an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa agus an Phunann Eorpach um Chéannacht Dhigiteach. Ar a shon go bhfuil an Tiachóg Dhigiteach Eorpach ceaptha do dhaoine aonair, d'fhéadfadh an dá thiachóg oibríochtaí a chuíchóiriú, an t-iomaíochas tionsclaíoch a fheabhsú agus an comhlíonadh a shimpliú do ghnólachtaí agus do chomhlachtaí na hearnála poiblí. Ar a mhuin sin, ba cheart dóibh cruthú dlíthiúil agus dúnadh gnólachtaí a éascú, mar chuid de straitéis leathan Eorpach arb é is aidhm di laghdú a chur, a oiread agus is féidir, ar na srianta riaracháin agus ar an am is gá chun na heintitis dhlítheanacha sin a chur ar bun, a chlaochlú nó a dhúnadh.

2.4. Is den ríthábhacht an gaol idir an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa atá beartaithe agus Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí atá ann cheana a shoiléiriú le deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmeoidh an dá ionstraim go comhleanúnach le chéile. Faoi chreat bunaidh eIDAS, tagann daoine nádúrtha agus eintitis dhlítheanacha araon faoina raon feidhme. Dá bhrí sin, ceapadh an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa mar shásra a bheadh comhlántach le Tiachóg na Céannachta Digití, lena gcuirfí feidhmiúlachtaí ar fáil atá saincheaptha go sonrach do riachtanais na n-oibreoirí eacnamaíocha. Trína cuid feidhmiúlachtaí a chúngú agus idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu, tá coinne leis go leagfaidh an togra líne dhocht síos idir réitigh chéannachta do dhaoine aonair agus uirlisí tiomnaithe do ghnólachtaí, ós rud é, in ainneoin cosúlachtaí a bheith eatarthu ó thaobh feidhmiúlachtaí teicniúla de, go ndíríonn siad ar úsáideoirí éagsúla agus cásanna úsáide éagsúla.

2.5. Ba cheart an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa a fhorbairt ar bhonn taithí a léiríonn riachtanais oibríochtúla na ngnólachtaí agus a chruthaíonn an breisluach is mó. Áirítear orthu sin an cumas céannacht duine dhlítheanaigh a chruthú go digiteach, dintiúir fhíoraithe, fianuithe agus sainorduithe a chomhroinnt agus oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh i gcomhthéacsanna trasteorann. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna amhail ionduchtú, ceadúnú, nochtaí a bhaineann le critéir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais agus soláthar poiblí, ar réimsí iadsan ina bhfuil céannacht iontaofa agus malartú sonraí riachtanach. Is gá freisin breisluach agus glacadh na tiachóige a mhéadú a oiread agus is féidir, agus na hoibleagáidí tuairiscithe a laghdú an oiread céanna bonn ar bhonn leis sin.

*Argóintí a thacaíonn le moladh 1.2*

2.6. Chun an deimhneacht dhlíthiúil a chinntiú, ba cheart don Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa meaitseáil trasteorann céannachta a úsáid le haghaidh na n-eintiteas dlíthiúil uile agus na ndaoine aonair uile atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de (cibé acu daoine féinfhostaithe nó oibrithe ar postú iad sin), agus leas a bhaint as clárlanna agus réitigh atá ann cheana chun solúbthacht a chothú agus dúbláil a sheachaint. Ag an am céanna, ba cheart an baol a sheachaint go rachfaí rófhada leis sin agus go gcuirfí costais bhreise ar FBManna agus ar dhaoine féinfhostaithe. Tá CESE den tuairim freisin gurbh é ab fhearr cur chuige comhchoiteann a shaothrú, lena gceadófaí ionadaithe údaraithe a ainmniú, agus solúbthacht á coimeád ar bun san am céanna, agus iad a nascadh le raonta feidhme údaráis atá sainithe go soiléir (i gcás ina mbeadh bearnaí ann, d'fhéadfaí smaoineamh ar chritéir íosta chomhréireacha a leagan síos, agus sainiúlachtaí náisiúnta agus ualaí riaracháin á gcur san áireamh). I gcás ina bhfuil na clárlanna náisiúnta atá ann cheana neamhiomlán nó ilroinnte, ba cheart critéir íosta a leagan síos chun dintiúir a eisiúint le gur féidir cumhdach iomlán gnó a chinntiú.

2.7. Tá CESE ar aon tuairim leis an gCoimisiún gur cheart ceangal a chur ar na húdaráis náisiúnta dintiúir mheaisín-inléite atá sínithe go digiteach a eisiúint agus glacadh leo mar chuid dá sainchúram mar a dhéanann siad le ceadúnais, ceadanna, deimhnithe, sleachta clárlainne, etc. Chuige sin, tá gá, áfach, le rialacha soiléire chun an chaoi a n-eisítear, a stóráiltear agus a n-úsáidtear na dintiúir sin a shainiú, ós rud é go mbeidh infhaighteacht fhorleathan dintiúr iontaofa ón earnáil phoiblí ríthábhachtach chun glacadh na hearnála príobháidí a spreagadh.

2.8. Agus na costais bhreise a chuirfear ar ghnólachtaí á laghdú a oiread agus is féidir, molann CESE freisin go mbunófaí sásra uile-Eorpach i dtreo go mbeadh na húdaráis inniúla in ann a dheimhniú cé na heagraíochtaí atá údaraithe le dintiúir earnáilsonracha a eisiúint (cuir i gcás bainc, soláthraithe cúraim sláinte nó comhlachtaí creidiúnaithe). Ar an gcaoi sin, chinnteofaí an infhíoraitheacht trasteorann agus leanfaí den mhaoirseacht earnála ag an am céanna.

*Argóintí a thacaíonn le moladh 1.3*

2.9. Tá sé tábhachtach go dtacódh an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa le samhlacha cur chun feidhme éagsúla (lena n-áirítear réitigh shoghluaiste, réitigh atá comhtháite san fhiontar agus réitigh néalbhunaithe) agus go gceadódh sí do sholáthraithe inniúla poiblí agus príobháideacha a bheith rannpháirteach iontu.

2.10. Ba cheart sonraíochtaí teicniúla a bheith bunaithe ar chaighdeáin oscailte idir-inoibritheacha chun gur fusa a bheidh sé do ghnólachtaí, agus go háirithe do FBManna, iad a chomhtháthú leis na córais ghnó atá acu cheana féin. I ndáil leis sin, tugann CESE dá aire go seachnaítear leis an gcreat rialála atá beartaithe ailtireacht nó formáidí a fhorordú, agus go ndírítear ina ionad sin ar an éifeacht dhlíthiúil agus ar an idir-inoibritheacht.

2.11. Tá CESE den tuairim gur cheart don rialachán atá beartaithe díriú níos mó ar dhintiúir infhíoraithe, seachas ar dhearadh nó ar chur chun feidhme na dtiachóg. Cuirfidh sé sin ar a gcumas do sholáthraithe na dtiachóg — bídís ina n-aipeanna, ina n-uirlisí fiontair nó ina néalseirbhísí — dul san iomaíocht maidir le hinúsáidteacht, nuálaíocht agus gnéithe gan bheith srianta ag ceanglais rialála atá ródhocht. Chothófaí dá réir sin an iomaíocht agus an nuálaíocht i ngnólachtaí.

*Argóintí a thacaíonn le moladh 1.4.*

2.12. Ar ndóigh, ní mór coimircí iomchuí a áireamh sa Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa chun calaois a chosc, sláine sonraí a chinntiú agus inrianaitheacht a chumasú. Ba cheart sásraí fíordheimhnithe, rialuithe rochtana agus taifid iniúchóireachta a bheith ina ngnéithe caighdeánacha. Le go mbeadh fíorchuntasacht ann, tugann CESE dá aire go mbeadh dintiúir agus gníomhaíochtaí inchurtha i leith ionadaithe dlíthiúla, agus is díol sásaimh dó an cur chuige cur chun feidhme rioscabhunaithe a mholtar sa reachtaíocht agus a laghad ceanglas agus is féidir maidir le dearbhú agus fíorú á chur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais.

2.13. Leathnóidh an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa éiceachóras na muiníne laistigh de chreat céannachta digití níos leithne agus meastar go gcothóidh sí an leibhéal muiníne sa Mhargadh Aonair Digiteach athuair. Is den ríthábhacht muinín as slándáil agus rialachas an chórais a chothú ar mhaithe le glacadh forleathan agus inchreidteacht fhadtéarmach. Más ann don chumarsáid shoiléir agus don trédhearcacht, is amhlaidh a laghdófar an éiginnteacht, cuirfear leis an úsáid cheart ar fud na mBallstát agus spreagfar oibreoirí eacnamaíocha chun páirt a ghlacadh sa chóras, go háirithe má chuirtear tacaíocht theicniúil agus samplaí ón bhfíorshaol ar fáil dóibh. Más iad soláthraithe éiceachóras TF an Aontais a dhéanfaidh an tiachóg a fhorbairt le teicneolaíocht an Aontais, is lú na rioscaí slándála a bheidh ann, ina measc rioscaí a bhaineann le rialú nó tionchar tríú tír, óir ní foláir caighdeáin chibearshlándála uile an Aontais agus na caighdeáin chibearshlándála náisiúnta uile a chomhlíonadh, sin agus rúndacht, sláine, barántúlacht, infhaighteacht agus idir-inoibritheacht na seirbhísí tiachóige a áirithiú.

*Argóintí a thacaíonn le moladh 1.5.*

2.14. Tá CESE den tuairim gur cheart an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa a dhearadh freisin ar shlí a fhágfaidh gur féidir í a oibriú lasmuigh den Mhargadh Aonair, i gcomhréir le creataí idirnáisiúnta ach i dtimpeallacht atá athléimneach agus slán i bhfad na haimsire. Oibríonn gnólachtaí Eorpacha ar fud an domhain freisin agus tá réitigh de dhíth orthu a chosnóidh an idir-inoibritheacht le córais tríú tíortha. Is den mhórthábhacht iad a bheith comhoiriúnach le haitheantóirí domhanda (e.g. LEI), formáidí caighdeánaithe sonraí idir-inoibritheacha agus dintiúir a aithnítear go hidirnáisiúnta má táthar chun an ábharthacht agus an inúsáidteacht san fhadtéarma a chinntiú.

*Argóintí a thacaíonn le moladh 1.6*

2.15. Cé go bhfuil an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa dírithe go foirmiúil ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar údaráis phoiblí, i ndáiríre is iad na hoibrithe atá ag gníomhú thar ceann gnólachtaí agus eintitis stáit a bheidh ag oibriú na tiachóige. Dá bhrí sin, is den dlisteanacht a áirithiú go n-aithneofar an ghné dhaonna freisin sna mórthionscnaimh dhigitithe ós amhlaidh a athraíonn sin eagrú na dtacar oibre, na freagrachta agus na scileanna.

2.16. Is éard is aidhm don Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa próisis riaracháin agus chomhlíontachta a uathoibriú agus, dá bhrí sin, meastar go n-athróidh sí an tuairisc ar phost na n-oibrithe a bhfuil sé de chúram orthu í a oibriú. Ba cheart é sin a chur san áireamh le linn an aistrithe.

*Argóintí a thacaíonn le moladh 1.7*

2.17. Ar thaobh amháin, aontaíonn CESE leis an gCoimisiún gur cheart an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa a thabhairt isteach ar bhonn deonach do ghnólachtaí (beidh sé d'oibleagáid ar eintitis stáit glacadh le príomhfheidhmeanna na tiachóige). Ar an taobh eile, má táthar chun an glacadh a bheidh léi a dhreasú, glacadh arb é is aidhm dó an éifeachtúlacht in idirghníomhaíochtaí trasteorann a mhéadú, go háirithe do FBManna, ba cheart do na Ballstáit dreasachtaí cánach a chur ar fáil d'fhonn deimhin a dhéanamh de go nglacfar an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go fada fairsing. Ar an gcaoi sin, beidh sí mar chaighdeán le haghaidh idirghníomhaíochtaí digiteacha iontaofa amach anseo, rud a shimpleoidh an comhlíonadh agus a laghdóidh ualaí riaracháin, agus coigilteas costais agus buntáiste iomaíoch á gcur ar fáil ag an am céanna.

2.18. Tá coinne leis go dtiocfaidh fás go horgánach ar úsáid na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa, de réir mar a aithníonn gnólachtaí na tairbhí a bhaineann léi agus de réir mar a ghlacfar léi mar chaighdeán le haghaidh idirghníomhaíochtaí digiteacha slána a aithnítear go dlíthiúil ar fud an Aontais.

*Argóintí a thacaíonn le moladh 1.8*

2.19. Cuireann an Eoraip struchtúir dhlíthiúla éagsúla ar fáil do chuideachtaí, agus a gcuid féin buntáistí agus rialachán ag roinnt le gach ceann acu, rud a fhágann nach mór iad a chur san áireamh agus an Tiachóg Ghnó na hEorpa á glacadh.

## 3. NA LEASUITHE ATÁ BEARTAITHE AR AN TOGRA REACHTACH ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

**Leasú 1**

Baineann an leasú seo le moladh 1.4.

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú CESE |
|---|---|
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| Ceanglais agus oibleagáidí ar sholáthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa | Ceanglais agus oibleagáidí ar sholáthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa |
| [...] | [...] |
| 6. Déanfaidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa an méid seo a leanas: | 6. Déanfaidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa an méid seo a leanas: |
| (a) [...] | (a) [...] |
| (b) a áirithiú go gcuirfear úinéirí Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa ar an eolas go soiléir ar bhealach soláimhsithe, gonta agus inrochtana, faoi théarmaí agus coinníollacha úsáide na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa, lena n-áirítear raon feidhme agus teorainneacha na gcroífheidhmiúlachtaí agus na bhfeidhmiúlachtaí breise, caighdeáin chibearshlándála, agus cearta úinéir na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa maidir le hiniomparthacht sonraí, sásamh agus foirceannadh seirbhíse; | (b) a áirithiú go gcuirfear úinéirí Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa ar an eolas go soiléir ar bhealach soláimhsithe, gonta agus inrochtana, faoi théarmaí agus coinníollacha úsáide na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa ***agus aon athruithe ar na téarmaí agus na coinníollacha sin***, lena n-áirítear raon feidhme agus teorainneacha na gcroífheidhmiúlachtaí agus na bhfeidhmiúlachtaí breise, caighdeáin chibearshlándála, agus cearta úinéir na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa maidir le hiniomparthacht sonraí, sásamh agus foirceannadh seirbhíse; |

***Cúis***

D'fhéadfadh athrú teacht ar théarmaí agus coinníollacha ó am go ham.

**Leasú 2**

Baineann an leasú seo le moladh 1.4.

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú CESE |
|---|---|
| Airteagal 13<br>Rialachas agus maoirseacht<br>[...] | Airteagal 13<br>Rialachas agus maoirseacht<br>[...] |
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí is gá agus na hacmhainní leordhóthanacha ag na comhlachtaí maoirseachta dá dtagraítear i mír 1 chun a gcúraimí a fheidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus neamhspleách. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí is gá agus na hacmhainní ***teicniúla agus inniúla*** leordhóthanacha ag na comhlachtaí maoirseachta dá dtagraítear i mír 1 chun a gcúraimí a fheidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus neamhspleách. |

***Cúis***

Ba cheart go dtagródh acmhainní do phearsanra atá cáilithe ar bhonn teicniúil.

**Leasú 3**

Baineann an leasú seo le moladh 1.5.

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú CESE |
|---|---|
| Airteagal 17<br>Tiachóga gnó agus ionstraimí agus creataí comhchosúla eile a thairgtear i dtríú tíortha<br>[...] | Airteagal 17<br>Tiachóga gnó agus ionstraimí agus creataí comhchosúla eile a thairgtear i dtríú tíortha<br>[...] |
| 2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena suitear go measfar go dtugann creataí tríú tír le haghaidh córais a thairgeann feidhmeanna comhchosúla leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa dearbhuithe atá coibhéiseach le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar choinníoll go bhfuil na córais a sholáthraítear faoin gcreat sin idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a leagtar síos i Rialachán (AE) 910/2014 agus gur féidir leo tacú le feidhmiúlacht sainaitheantais agus fíordheimhnithe agus le malartú ríomhdhearbhuithe tréithe ar a laghad. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19. | 2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena suitear go measfar go dtugann creataí tríú tír le haghaidh córais a thairgeann feidhmeanna comhchosúla leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa dearbhuithe ***maidir lena n-athléimneacht agus go mbeidh siad slán i bhfad na haimsire, ar dearbhuithe iad*** atá coibhéiseach le Tiachóga Ghnó na hEorpa a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar choinníoll go bhfuil na córais a sholáthraítear faoin gcreat sin idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a leagtar síos i Rialachán (AE) 910/2014 agus gur féidir leo tacú le feidhmiúlacht sainaitheantais agus fíordheimhnithe agus le malartú ríomhdhearbhuithe tréithe ar a laghad. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19. |

***Cúis***

Ba cheart don idir-inoibritheacht lasmuigh den Mhargadh Aonair a bheith slán agus seasmhach i bhfad na haimsire.

An Bhruiséil, an 18 Márta 2026.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Séamus BOLAND